C/2026/3963

22.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3963)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Salam Poiana Mărului’

Uimh. AE: PGI-RO-03383 — 20.12.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Salam Poiana Mărului’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Rómáin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, ÉISC, CRÚSTAIGH, MOILISC NÓ INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

1601 — Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, scairteach feola, fuil nó feithidí; ullmhóidí bia atá bunaithe ar na táirgí sin.

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is salámaí cócaráilte é ‘Salam Poiana Mărului’ a dheataítear faoi dhó le crua-adhmad feá agus a thriomaítear ansin. Chun ‘Salam Poiana Mărului’ a dhéanamh úsáidtear cos fuarathe mairteola 30 % ar a laghad, cos muiceola reoite 40 % (ón limistéar geografach sainithe) agus saill muiceola chrua reoite 30 % ar a mhéad.

Déantar ‘Salam Poiana Mărului’ a mhargú mar mhéara sorcóireacha a dhéantar a phacáistiú go speisialta i gcásálacha bána aonair le ribíní donnrua; sa chultúr áitiúil, tá baint acu sin le háilleacht úlloird faoi bhláth, tírdhreach a bhaineann go sonrach leis an limistéar geografach, agus le háilleacht na coirte beithe sna foraoisí áitiúla.

Baineann roinnt céimeanna leis an bpróiseas monaraíochta chun na hamhábhair a ullmhú sula bhfaightear taos deiridh na feola meilte agus sula gcuirtear i gcásálacha saorga i gcruth sorcóireach iad, céim ina gcruthaítear an táirge deiridh agus ina gcinntear a uigeacht.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tá an chuma atá air nuair a ghearrtar é cosúil le mósáic, bíonn píosaí coise muiceola scaipthe go cothrom ar fud an táirge, agus bíonn gránú éagsúlaithe aige, ag malartú píosaí bána saille muiceola le píosaí scothdhearga bándearga a bhaineann go sonrach leis na gearrthacha mairteola agus coise muiceola a úsáidtear.

Cuma sheachtrach: méara sorcóireacha a bhíonn idir 50 agus 55m ar trastomhas agus thart ar 23mm ar fad, a bhfuil dromchla glan orthu, atá saor ó ábhar coimhthíoch agus gan cnapáin saille faoin gcásáil. Cloíonn an chásáil shaorga leis an salámaí gan aon damáiste uirthi, agus tá filltíní beaga míne ann mar thoradh ar na céimeanna táirgthe.

An chuma a bhíonn air nuair a ghearrtar é: Comhdhéanamh aonchineálach, dlúth agus mósáice, agus píosaí muiceola agus saille scaipthe go cothrom ar fud an tsalámaí. Níl earraí coimhthíocha, bloghanna cnáimhe, píosaí loingeáin, cnapáin saille ná spíosraí ná bolgáin aeir níos mó ná 3 mm ann. Nuair a ghearrtar é, fanann na slisíní slán.

Blas agus boladh: Saintréith de tháirge atá deataithe go héadrom le crua-adhmad, blas spíosraí (paiprice, ilspíosra, noitmig), blastanas cothromaithe. Saor ó bholadh agus/nó ó bhlas coimhthíoch.

Raimhre: Idir leathchrua agus teann, nasctha agus leaisteach ar an taobh istigh. Tá raimhre theann ach leaisteach ag na slisní salámaí.

Dath: Bíonn an dath, nuair a ghearrtar é, aonfhoirmeach, ó bhándearg go dearg an rúibín agus bán, le cuma mhósáice mharmarach, cothromaíocht mhaith feola agus saille.

Saintréithe fisiciceimiceacha

Paraiméadair a ndearnadh anailís orthu	Uasteorainneacha
Uisce, %	40 go 48
Substaintí sailleacha, % uasta	44
Salann, % uasta	3
Próitéin iomlán, % uasta	15

Comhábhair

Salann nítríte; Salann; Comhábhair fheidhmiúla: siúcraí: deaslós, lachtós, glúcós; salann; défhosfáití; aigéad ascorbach; blastáin; Comhábhair lena sainítear an dea-bholadh deiridh: tarsainn nádúrtha (paiprice, gairleog, piobar, noitmig), polafosfáití, salann, deastrós, nítrít sóidiam, eastóscáin nádúrtha (paiprice, ilspíosra, noitmig).

Ábhair choimhdeacha

Úsáidtear iad sin sa phróiseas líonta (cásáil shaorga bhán do-ite ar a bhfuil stríoca donnrua, fáiscíní, sreangán), sa phróiseas cóireála teasa (crua-adhmad) agus sa phróiseas lipéadaithe deiridh (lipéid).

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní thagann na leathchonablaigh muc ach ón limistéar geografach sainithe, ó ainmhithe a thógtar agus a bheathaítear ar ghránaigh ansin. Maraítear na hainmhithe chun na conablaigh a fháil i seamlais atá suite sa limistéar geografach sainithe, agus gearrtar na conablaigh freisin sa limistéar sin chun na codanna anatamaíocha a úsáidtear sa táirgeadh a fháil. Bíonn tionchar ag cleachtais áitiúla feirmeoireachta agus beathaithe ar shaintréithe na n-amhábhar, ar gné fhíor-riachtanach iad chun sainiúlacht an táirge a bhaint amach.

Úsáidtear an chos muiceola uaidh sin agus í reoite, de réir cheanglais an phróisis theicneolaíoch a chuirtear i bhfeidhm go háitiúil, agus úsáidtear an tsaill muiceola agus í reoite freisin chun an struchtúr gráinneach agus mósáice a bhaineann go sonrach leis an táirge a choinneáil ar bun. Tá infhaighteacht na muc a thógtar sa limistéar geografach sainithe ina bhonn leis an traidisiún déanta salámaí áitiúil, a bhfuil a leanúnachas fíor-riachtanach chun na saintréithe struchtúracha agus céadfacha a bhaineann go sonrach le 'Salam Poiana Mărului' a choinneáil ar bun.

Faightear an chos mairteola a úsáidtear chun an táirge a dhéanamh ó cheathrú de chonablach bó-ainmhithe fásta agus úsáidtear í reoite. Féadfaidh sé teacht ón limistéar geografach sainithe nó ó limistéir eile, agus sainiúlacht an táirge á cinneadh leis an bpróiseáil thraidisiúnta a dhéantar i limistéar Poiana Mărului, i.e. sailleadh tirim, aibiú agus ullmhú na mairteola meilte i gcomhréir leis na cleachtais áitiúla a chuirtear i bhfeidhm le linn an phróisis táirgthe.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

An próiseas táirgthe le haghaidh 'Salam Poiana Mărului', lena gcuimsítear na muca a thógáil agus a bheathú, na hainmhithe a mharú, na conablaigh a ghearradh agus na codanna feola a úsáidtear sa phróiseas teicneolaíoch a tháirgeadh, roinnt láimhe, sailleadh tirim, aibiú, an mhairteoil mheilte a ullmhú, na cásálacha a líonadh, teaschóireáil, deatú te, fuardheatú agus triomú, tarlaíonn sé sin uile sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Indicație Geografică Protejată' (Tásc Geografach faoi Chosaint) nó an t-acrainm 'IGP' (TGFC) sa Rómáinis agus an tsiombail Eorpach chun an t-ainm a chosaint a bheith i ndiaidh an ainm 'Salam Poiana Mărului'. Beidh siombailí an Chomhlachta Deimhniúcháin ar na lipéid freisin.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear sa limistéar geografach aonad críche riaracháin Chontae Brașov, a shainmhínítear de réir struchtúr críche-riaracháin na Rómáine.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá dlúthnasc idir tionscnamh 'Salam Poiana Mărului' agus ainm áit a cheaptha.

Is pobal scaipthe é Poiana Mărului i mbunchnoic bharr cnoic Poiana Mărului, ar an teorainn idir Sléibhte Cairp Thoir agus Theas.

Tá bunús logainm an tsráidbhaile sin faoi bhrat finscéalta áitiúla a tugadh anuas le himeacht ama. De réir na bhfinscéalta is cáiliúla, tagann logainm an tsráidbhaile ó réiteach (poiana) ar a raibh crann úll sa lár, ar fhorbair an lonnaíocht mórthimpeall air ina dhiaidh sin. Ba iad daoine a ndearnadh géarleanúint orthu faoi riail Thurcach a lonnaigh sa limistéar ar dtús, sular lonnaigh ina dhiaidh sin ceithearnaigh coille agus aoirí a rannchuidigh le forbairt an phobail áitiúil.

Tá an t-iarratas chun 'Salam Poiana Mărului' a chlárú mar TGFC bunaithe ar an nasc idir saintréithe an táirge agus an limistéar geografach, arna chinneadh de réir traidisiúin áitiúla feirmeoireachta beostoic, úsáid amhábhar ón limistéar agus cur i bhfeidhm leanúnach próisis theicneolaíoch ar leith, lena gcuimsítear sailleadh tirim, aibiú mall, deatú agus úsáid mairteola meilte.

Tá aeráid thais fhionnuar idir measartha agus ilchríochach ina saintréith de Poiana Mărului, rud a bhí fabhrach go traidisiúnta d'fhorbairt cleachtas leasaithe agus aibithe le haghaidh táirgí feola. Chuir an pobal na cleachtais sin in oiriúint do dhálaí áitiúla agus coinnítear ar bun iad faoi láthair trí rialú teicneolaíoch a dhéanamh ar pharaiméadair teochta agus aerála le linn an phróisis monaraíochta.

Bhí dálaí aeráide sonracha Poiana Mărului, arb iad is saintréithe dóibh teochtaí measartha agus bogthaise réasúnta seasmhach, fabhrach d'fhorbairt agus do chothabháil cleachtas traidisiúnta saillte, aibithe agus deataithe atá oiriúnaithe don timpeallacht áitiúil, modhanna a fhágann gur féidir leis na hathruithe bithcheimiceacha atá freagrach as uigeacht, dea-bholadh agus cobhsaíocht an táirge chríochnaithe tarlú de réir a chéile.

Tá na cleachtais theicneolaíocha a chuirtear i bhfeidhm i dtáirgeadh 'Salam Poiana Mărului' mar thoradh ar na modhanna táirgthe a oiriúnú le himeacht ama do shaintréithe na n-amhábhar ón limistéar geografach sainithe. Cuirtear na modhanna sin ar aghaidh agus coinnítear ar bun iad laistigh den phobal táirgeoirí áitiúil.

Tá na hithreacha sa limistéar timpeall Poiana Mărului fabhrach do shaothrú gránach a úsáidtear go traidisiúnta chun na muca a thógtar sa limistéar a bheathú. Tá cleachtais áitiúla feirmeoireachta agus beathaithe mar chuid de leanúnachas ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus zóiteicniúla an réigiúin agus tacaíonn siad le forbairt an traidisiúin áitiúil déanta ispíní. Tríd an táirge a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, cuidíonn na cleachtais sin le féiniúlacht chultúrtha an phobail a chaomhnú.

Tagann na cosa muiceola a úsáidtear chun 'Salam Poiana Mărului' a phróiseáil ó fheirmeacha sa limistéar geografach críochaithe, áit a gcuirtear cleachtais áitiúla feirmeoireachta beostoic agus beatha i bhfeidhm. A bhuí leis na cleachtais sin, tá na cosa muiceola a úsáidtear chun 'Salam Poiana Mărului' a phróiseáil i measc na bpíosaí muiceola is blasta agus is cothaithí. Aithníonn muintir na háite a mblas agus a n-uigeacht bhog. Is cuid de phróiseas táirgthe áitiúil é úsáid an amhábhair sin, mar aon leis an mairteoil mheilte a ullmhaítear i gcomhréir leis an oideas a cuireadh ar aghaidh sa phobal.

Tá an próiseas teicneolaíoch bunaithe ar mhodhanna a úsáidtear go traidisiúnta sa limistéar, amhail sailleadh tirim, ullmhú na mairteola meilte agus deatú nádúrtha trí úsáid a bhaint as feá crua-adhmaid. Cinntear leis na céimeanna sin na hathruithe teicneolaíocha agus cuidíonn siad le hidirdhealú a dhéanamh idir an táirge agus salámaí comhchosúla a dhéantar i réigiúin eile.

Déantar na céimeanna saillte, aibithe agus deataithe i gcomhréir leis na cleachtais theicneolaíocha a forbraíodh laistigh de na saoráidí táirgthe i limistéar Poiana Mărului. Cuirtear paraiméadair an phróisis in oiriúint do shaintréithe na n-amhábhar áitiúil agus don bhealach traidisiúnta próiseála, rud a chuireann le foirmiú na raimhre, na huigeachta agus na próifíle céadfaí a bhaineann go sonrach leis an táirge.

Is céim theicneolaíoch fhíor-riachtanach é sailleadh tirim a dhéantar tríd an gcos mairteola a ghearradh de láimh ina ciúbanna de mhéideanna éagsúla agus í a fhuineadh le salann, próiseas trína gcuirtear forbairt bhlas, dhea-bholadh agus uigeacht shainiúil an táirge chun cinn. Le caomhnú an struchtúir snáithíní matáin a bhaineann le gníomhaíocht an tsalainn, tionscnaítear eastóscadh de réir a chéile na bpróitéiní miófibrileacha (mióisín agus aictin), ar maitrís próitéine nádúrtha iad a chuidíonn leis an meascán a chobhsú, deighilt saille a chosc agus an leaisteachas agus an chuma dhlúth mhósáice a bhaineann go sonrach leis an táirge críochnaithe a bhaint amach.

Le linn tháirgeadh agus aibiú na mairteola meilte, corraítear an taos de láimh agus castar go tréimhsiúil é, rud a áirithíonn go ndéantar an meascán a homaiginiú agus a aerú. Ag an gcéim seo, leanann eastóscadh próitéiní miofibrileacha ar aghaidh agus tagann cobhsaíocht air, rud a chruthaíonn maitrís phróitéine atá in ann an t-uisce a cheangal agus na cáithníní saille a chobhsú. Is é an toradh a bhíonn ar phróisis einsímeacha nádúrtha díghrádú rialaithe próitéiní matáin, rud a chuireann le boige agus leaisteachas shaintréithe an táirge, agus tagann comhdhúile aramatacha nádúrtha chun cinn a shainíonn an phróifíl chéadfach shonrach mar thoradh ar chlaochluithe malla ocsaídiúcháin lipidí. An tráth céanna, cuireann na hathruithe fisiciceimiceacha le linn aibithe le cobhsú na líocha san fheoil agus foirmiú dlúth-raimhre agus uigeacht aonfhoirmeach cheangailte leaisteach laistigh de, arb iad gnáth-shaintréithe an táirge chríochnaithe.

Is gné shainiúil den phróiseas teicneolaíoch áitiúil é deatú crua-adhmaid nádúrtha. Céim shonrach is ea leasú, arb é atá ann deatú te gearr, a dhíorthaítear ón gcleachtas traidisiúnta táirgí a chrochadh in áiléir dhea-aeráilte agus a dhéantar anois in áitribh ina bhfuil aeráil rialaithe. Is léiriú é leanúint den mhodh sin ar leanúnachas na ceardaíochta áitiúla.

Is baill foirne áitiúla a bhfuil taithí sheanbhunaithe acu ar tháirgí feola a phróiseáil a dhéanann an próiseas táirgthe ina iomláine sa limistéar geografach sainithe. Cuireadh an t-eolas teicneolaíoch ar aghaidh ó ghlúin go glúin laistigh den phobal áitiúil agus cuireadh in oiriúint é de réir a chéile do riachtanais nua-aimseartha, rud a chaomhnaíonn carachtar traidisiúnta an táirge. Chuidigh an staid tar éis an Dara Cogadh Domhanda go hindíreach le gairmeacha traidisiúnta na n-áitritheoirí a bhaineann le feirmeoireacht beostoic agus próiseáil táirgí ainmhithe a choinneáil ar bun, gairmeacha an bhúistéara agus an déantóra ispíní san áireamh. I measc na ndaoine a chuidigh leis an oideas a shainiú tá búistéir áitiúil Șoancă Ghiță, a bhfuil baint aige leis an bpróiseas teicneolaíoch a úsáidtear a dhearbhú agus leis an saineolas sonrach a chur ar aghaidh.

Le himeacht ama, neartaíodh an nasc idir ainm an táirge agus limistéar Poiana Mărului i súile na dtomhaltóirí, agus tá baint ag an táirge le traidisiún áitiúil na n-ullmhóidí feola agus le húsáid chomhcheangailte na coise muiceola agus na coise mairteola blaistithe de réir an oidis shonraigh. Tagraíonn an chásáil a úsáidtear go siombalach d'fhinscéal an cheantair as a dtagann ainm an táirge.

Tá ‘Salam Poiana Mărului’ tar éis é féin a bhunú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta, agus rinneadh úsáid an ainm a dhoiciméadú thar thréimhse fhada. Chuir clárú thrádmharc ‘Poiana Mărului’ in 1998 agus rannpháirtíocht in aontaí trádála idirnáisiúnta, IFFA Frankfurt san áireamh, ó bhí 2007 ann, le haitheantas an táirge, agus fuarthas roinnt gradam, boinn óir san áireamh.

Le himeacht ama, i ndoiciméid agus i gcleachtais tráchtála, chuir úsáid leanúnach an ainm ‘Salam Poiana Mărului’ le haghaidh an táirge a tháirgtear sa limistéar sin le clú an táirge agus lena aitheantas mar tháirge a bhaineann go sonrach leis an limistéar geografach.

Cinntear an nasc idir ‘Salam Poiana Mărului’ agus an limistéar geografach sainithe tríd an bpróiseas táirgthe iomlán a tharlaíonn sa limistéar, trí úsáid amhábhar ón limistéar agus trí rannpháirtíocht na gné daonna áitiúla, lena n-áirithítear le chéile leanúnachas cleachtas teicneolaíoch agus lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir an táirge agus táirgí comhchosúla a tháirgtear i réigiúin eile.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://madr.ro/docs/ind-alimentara/2026/caiete-de-sarcini-2024/caiet-de-sarcini-salam-poiana-marului-04.03.2026.pdf